BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

29 Iúil 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Cuideachtaí – Cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta a dheighilt – Séú Treoir 82/891/CEE – Airteagal 3(3)(b) – Deighilt trí chuideachtaí nua a fhoirmiú – An coincheap 'dliteanas [nach bhfuil] leithdháilte sna dréacht-téarmaí deighilte' – Dliteanas comhpháirteach agus leithleach na gcuideachtaí nua sin i leith na ndliteanas a eascraíonn as iompar na cuideachta atá á deighilt roimh an deighilt sin)

I gCás C-713/22,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ón Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc, an Iodáil), trí bhreith an 3 Samhain 2022, a fuarthas ag an gCúirt an 21 Samhain 2022, sna himeachtaí

LivaNova plc

v

Ministero dell'Economia e delle Finanze,

Ministero dell'Ambiente e della Tutela del Territorio e del Mare,

Presidenza del Consiglio dei ministri,

idiragraithe:

SNIA SpA, faoi riarachán urghnách,

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, L. Bay Larsen, Leas-Uachtarán, A. Arabadjiev, A. Prechal, E. Regan, T. von Danwitz, Z. Csehi agus O. Spineanu-Matei, Uachtaráin Dlísheomra, M. Ilešič, J.-C. Bonichot, P. G. Xuereb (Rapóirtéir), I. Jarukaitis, A. Kumin, M. L. Arastey Sahún agus M. Gavalec, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: P. Pikamäe,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

* Teanga an cháis: an Iodáilis.

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– LivaNova plc, ag A. Auricchio, B. Nascimbene, G. C. Rizza, R. Sacchi, C. Santoro, M. Siragusa, D. Vecchi agus R. Zaccà, avvocati,

– Rialtas na hIodáile, ag G. Palmieri, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó G. Di Leo, P. Gentili agus F. Vignoli, avvocati dello Stato,

– Rialtas na Gréige, ag V. Baroutas agus K. Boskovits, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na hOstaire, ag A. Posch, J. Schmoll agus E. Samoilova, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag G. Braun, L. Malferrari agus P. A. Messina, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 3(3)(b) den Séú Treoir 82/891/CEE ón gComhairle an 17 Nollaig 1982 bunaithe ar Airteagal 54(3)(g) de Chonradh [CEE] agus maidir le cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta a dheighilt (IO 1982 L 378, lch. 47).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir LivaNova plc agus ministero dell'Economia e delle Finanze (an Aireacht um an nGeilleagar agus Airgeadas, an Iodáil), ministero dell'Ambiente e della Tutela del Territorio e del Mare (an Aireacht um an gComhshaol agus um Chosaint na Críocha agus na Farraige, an Iodáil) ('an Aireacht um an gComhshaol') agus an Presidenza del Consiglio dei ministri (Uachtaránacht Chomhairle na nAirí, an Iodáil) maidir leis an gcinneadh go bhfuil LivaNova faoi dhliteanas go comhpháirteach agus go leithleach i leith na bhfiach a eascraíonn as na costais ghlantacháin agus as an damáiste don chomhshaol a rinne SNIA SpA, mar thoradh ar iompar roimh roinnt na cuideachta sin agus ina dhiaidh, as ar eascair Sorin SpA, LivaNova anois.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Tríú Treoir 78/855/CEE

3 Rinneadh an Tríú Treoir 78/855/CEE ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 1978 bunaithe ar Airteagal 54(3)(g) de Chonradh [CEE] maidir le cumaisc cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta (IO 1978 L 295, lch. 36) a aisghairm le Treoir 2011/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le cumaisc cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta (IO 2011 L 110, lch. 1) le héifeacht ón 1 Iúil 2011.

4 Foráiltear le hAirteagal 1(1) den Tríú Treoir 78/855, dár teideal ‘Raon feidhme’ mar seo a leanas:

‘Beidh feidhm ag na bearta comhordaithe a leagtar síos sa Chaibidil seo maidir le dlíthe, le Rialacháin agus le forálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann leis na cineálacha cuideachtaí seo a leanas:

[...]

– don Iodáil:

la società per azioni,

[...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Séú Treoir 82/891/CEE

5 Rinneadh an Séú Treoir 82/891 a aisghairm le Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (IO 2017 L 169, lch. 46), le héifeacht ón 20 Iúil 2017. Bhí fíorais na díospóide sna príomhimeachtaí ann roimh an dáta sin.

6 Foráiltear sa chúigiú haithris den Séú Treoir 82/891 an méid seo a leanas:

‘[...] éilítear, chun go gcosnófar leasanna comhaltaí agus tríú páirtithe, go ndéantar dlíthe sin na mBallstát a bhaineann le deighilt cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta a chomhordú i gcás ina gceadaíonn na Ballstáit oibríochtaí den sórt sin.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Is mar seo a leanas a bhí an fhoclaíocht in aithrisí 8 go 11 den Séú Treoir:

‘[...] creidiúnaithe, lena n-áirítear sealbhóirí bintiúr, agus daoine a bhfuil éilimh eile acu ar na cuideachtaí atá páirteach i ndeighilt cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta, ba cheart iad a chosaint ionas nach ndéanfar difear diúltach dá leasanna mar thoradh ar an deighilt;

[...] an ceanglas maidir le nochtadh a leagtar síos sa [Chéad Treoir 68/151/CEE ón gComhairle an 9 Márta 1968 maidir le comhordú coimircí a cheanglaíonn Ballstáit ar chuideachtaí de réir bhrí an dara mír d’Airteagal 58 den Chonradh, ar mhaithe le leasanna comhaltaí agus daoine eile a chosaint, d’fhonn coimircí den sórt sin a dhéanamh coibhéiseach ar fud an Chomhphobail (IO 1968 L 65, lch. 8)] a leathnú chun idirbhearta díchumaisc a chumhdach chun a áirithiú go gcuirfear tríú páirtithe ar an eolas go leordhóthanach fúthu;

[...] na coimircí atá ar fáil do chomhaltaí agus do thríú páirtithe i dtaca le haon deighilt a dhéantar, ba cheart a chumhdach leo cleachtais áirithe dlí atá, ar bhealaí tábhachtacha, comhchosúil le deighilt, ionas nach féidir an oibleagáid cosaint den sórt sin a thabhairt a sheachaint;

[...] chun a áirithiú go mbeidh deimhneacht sa dlí ann maidir leis an gcaidreamh idir na cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta agus atá páirteach sa deighilt, eatarthu agus tríú páirtithe, agus idir na comhaltaí, ba cheart teorainn a chur leis na cásanna inar féidir le neamhniú teacht chun cinn, trí fhoráil a dhéanamh gur cheart lochtanna a leigheas aon uair is féidir agus trí shrian a chur leis an tréimhse ar laistigh di is féidir tús a chur le himeachtaí neamhnithe'.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear le hAirteagal 1 den Séú Treoir 82/891 mar seo a leanas:

'1. I gcás ina gceadóidh na Ballstáit na cineálacha cuideachtaí a liostaítear in Airteagal 1(1) den [Tríú Treoir 78/855] a thagann faoina ndlíthe oibríochtaí deighilte a dhéanamh trí éadáil mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Treoir seo, cuirfidh siad na hoibríochtaí sin faoi réir fhorálacha Chaibidil I den Treoir seo.

2. I gcás ina gceadóidh na Ballstáit na cineálacha cuideachtaí dá dtagraítear i mír 1, oibríochtaí deighilte a dhéanamh trí chuideachtaí nua a fhoirmiú mar a shainmhínítear in Airteagal 21, cuirfidh siad na hoibríochtaí sin faoi réir fhorálacha Chaibidil II.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Áiríodh Airteagail 2 go 20 den Séú Treoir 82/891 i gCaibidil I de, dar teideal 'Deighilt trí éadáil'.

10 Foráiltear in Airteagal 2(1) den Séú Treoir sin mar seo a leanas:

'Chun críocha na Caibidle seo, ciallóidh "deighilt trí éadáil" an oibríocht lena n-aistríonn cuideachta, tar éis a foirceanta gan dul faoi leachtú, a sócmhainní agus a dliteanais go léir chuig níos mó ná cuideachta amháin mar mhalartú ar scaireanna sna cuideachtaí a fhaigheann ranníocaíochtaí mar gheall ar an deighilt (dá ngairtear "cuideachtaí is faighteoir" anseo feasta) a chionroinnt ar scairshealbhóirí na cuideachta atá á deighilt, agus íocaíocht fhéideartha in airgead tirim nach sáraíonn 10 % de luach ainmniúil na scaireanna arna gcionroinnt nó, i gcás nach bhfuil aon luach ainmniúil acu, dá bparluach cuntasaíochta.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 Foráiltear in Airteagal 3 den Séú Treoir sin mar seo a leanas:

'1. Déanfaidh comhlachtaí riaracháin nó bainistíochta na gcuideachtaí atá páirteach i ndeighilt dréacht-téarmaí deighilte a tharraingt suas i scríbhinn.

2. Sonrófar le dréacht-téarmaí deighilte na nithe seo a leanas ar a laghad:

[...]

(h) cur síos agus cionroinnt bheacht na sócmhainní agus na ndliteanas atá le haistriú chuig gach ceann de na cuideachtaí is faighteoir;

(i) cionroinnt na scaireanna sna cuideachtaí is faighteoir ar scairshealbhóirí na cuideachta atá á deighilt agus na critéir ar a bhfuil an chionroinnt sin bunaithe.

3. (a) I gcás nach gcionroinntear sócmhainn faoi na dréacht-téarmaí deighilte agus i gcás nach bhféadfar cinneadh a dhéanamh maidir lena cionroinnt le léiriú ar na téarmaí sin, cionroinnfear an tsócmhainn nó an chomaoin ina leith ar na cuideachtaí is faighteoir uile i gcoibhneas le scair na nglansócmhainní a chionroinntear ar gach ceann de na cuideachtaí sin faoi na dréacht-téarmaí deighilte.

(b) I gcás nach gcionroinntear dliteanas faoi na dréacht-téarmaí deighilte agus i gcás nach bhféadfar cinneadh a dhéanamh maidir lena cionroinnt le léiriú ar na téarmaí sin, beidh gach ceann de na cuideachtaí is faighteoir faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go mbeidh an dliteanas i gcomhpháirt agus leithleach sin teoranta do na sócmhainní arna gcionroinnt ar gach cuideachta.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

12 Is mar seo a leanas a bhí an fhoclaíocht in Airteagal 12 den Séú Treoir sin:

'1. Déanfar foráil le dlíthe na mBallstát do chóras leordhóthanach cosanta do leasanna chreidiúnaithe na gcuideachtaí atá páirteach i ndeighilt a ndearnadh a n-éilimh roimh dháta foilsithe na ndréacht-téarmaí deighilte agus nach raibh siad dlite fós tráth an fhoilsithe sin.

2. Chun críche mhír 1, déanfar a fhoráil ar a laghad, le dlíthe na mBallstát, go mbeidh creidiúnaithe den sórt sin i dteideal coimircí leordhóthanacha a fháil i gcás ina bhfuil gá le coimirce den sórt de bharr staid airgeadais na cuideachta atá á deighilt agus na cuideachta a bhfuil an oibleagáid le haistriú chuici i gcomhréir leis na dréacht-téarmaí deighilte agus i gcás nach bhfuil coimircí den sórt sin ag na creidiúnaithe sin cheana.

3. Sa mhéid nach bhfaigheann creidiúnaí de chuid na cuideachta ar aistríodh an oibleagáid chuici i gcomhréir leis na dréacht-téarmaí deighilte sástacht, beidh na cuideachtaí is faighteoir faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach maidir leis an oibleagáid sin. Féadfaidh na Ballstáit an dliteanas sin a theorannú do na glansócmhainní arna gcionroinnt ar gach ceann de na cuideachtaí sin seachas an ceann ar aistríodh an oibleagáid chuici. Mar sin féin, ní gá dóibh an mhír seo a chur i bhfeidhm i gcás ina bhfuil an oibríocht deighilte faoi réir maoirseacht údaráis bhreithiúnaigh i gcomhréir le hAirteagal 23 agus ina bhfuil tromlach de réir líon a sheasann do thrí cheathrú de réir luach de na creidiúnaithe nó d'aon aicme creidiúnaithe de chuid na cuideachta atá á deighilt tar éis comhaontú ag cruinniú arna thionól de bhun phointe c) d'Airteagal 23(l) an dliteanas comhpháirteach agus leithleach sin a ligean uathu.'

[...]

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

13 Faoi Airteagal 13 den Séú Treoir 82/891:

'Tabharfar cearta sa chuideachta atá á fáil do shealbhóirí urrús nach scaireanna iad, agus a ngabhann cearta speisialta leo, cearta a bheidh coibhéiseach ar a laghad leo siúd a raibh seilbh acu orthu sna cuideachtaí is faighteoir a bhféadfar na hurrúis sin a agairt ina n-éadan i gcomhréir leis na dréacht-téarmaí deighilte, ach amháin sa chás gur formheasadh athrú na gceart sin ag cruinniú shealbhóirí na n-urrús sin, más rud é go bhforáiltear do chruinniú den sórt sin faoi na dlíthe

náisiúnta, nó gur formheas na sealbhóirí bintiúr ar bhonn aonair é, nó mura bhfuil sé de theidlíocht ag na sealbhóirí go ndéanfaí a gcuid urrúis a athcheannach.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

14 Foráiltear in Airteagal 17(1) den Séú Treoir sin mar seo a leanas:

'Leanfaidh na hiarmhairtí seo a leanas deighilt, *ipso jure* agus go comhuaineach:

(a) aistreofar chuig gach ceann de na cuideachtaí is faighteoir sócmhainní agus dliteanais uile na cuideachta atá á deighilt, idir an chuideachta atá á deighilt agus na cuideachtaí is faighteoir agus maidir le tríú páirtithe araon; gabhfaidh éifeacht le haistriú den sórt sin agus na sócmhainní agus na dliteanais á ndeighilt i gcomhréir leis an gcionroinnt a leagtar síos sna dréacht-téarmaí deighilte nó in Airteagal 3(3);

(b) tiocfaidh scairshealbhóirí na cuideachta atá á deighilt chun bheith ina scairshealbhóirí de chuideachta amháin nó níos mó is faighteoir i gcomhréir leis an gcionroinnt a leagtar síos sna dréacht-téarmaí deighilte;

(c) an chuideachta atá á deighilt, scoirfidh sí de bheith ann.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

15 Foráiltear le hAirteagal 21(1), i gCaibidil II den Séú Treoir sin, dar teideal 'Deighilt trí chuideachtaí nua a fhoirmiú' mar seo a leanas:

'Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn deighilt trí chuideachtaí nua a fhoirmiú an oibríocht lena n-aistríonn cuideachta, tar éis a foirceanta agus gan dul faoi leachtú, a sócmhainní agus a dliteanais go léir chuig breis agus cuideachta amháin a fhoirmítear as an nua mar mhalartú ar scaireanna sna cuideachtaí is faighteoir a chionroinnt ar scairshealbhóirí na cuideachta atá á deighilt, agus íocaíocht fhéideartha in airgead tirim nach sáraíonn 10 % de luach ainmniúil na scaireanna a chionroinntear nó, i gcás nach bhfuil aon luach ainmniúil acu, dá bparluach cuntasaíochta.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

16 Foráiltear le hAirteagal 22(1) den Séú Treoir sin, atá i gCaibidil II di freisin mar seo a leanas:

'Beidh feidhm ag Airteagail 3, 4, 5, agus 7, Airteagal 8(1) agus (2) agus Airteagail 9 go 19, gan dochar d'Airteagail 11 ná 12, maidir le deighilt trí chuideachtaí nua a fhoirmiú. Chun na críche sin, déanfar tagairt don chuideachta atá á deighilt leis an téarma "cuideachtaí atá páirteach i ndeighilt" agus déanfar tagairt do gach ceann de na cuideachtaí nua leis an téarma "cuideachtaí is faighteoir"'.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

17 Foráiltear le hAirteagal 25 den Séú Treoir 82/891, atá i gCaibidil IV di, dar teideal 'Oibríochtaí eile a gcaitear mar dheighilt leo':

'I gcás ina gceadaítear i ndlíthe de chuid Ballstáit ceann de na hoibríochtaí a shonraítear in Airteagal 1 gan an chuideachta atá á deighilt do scor de bheith ann, beidh feidhm ag Caibidil I, II agus III, seachas Airteagal 17(1)(c).'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na hIodáile

18 Foráiltear le hAirteagal 2506 den Codice civile (an Cód Sibhialta), dar teideal ‘Foirmeacha deighilte’ mar seo a leanas:

‘I gcás deighilte, déanfaidh cuideachta a sócmhainní uile a leithdháileadh ar roinnt cuideachtaí, bídís reatha nó nuafhoirmithe cheana féin, nó ar chuid dá sócmhainní, sa chás deireanach sin b’fhéidir ar chuideachta aonair, agus déanfaidh sí na scaireanna comhfhreagracha nó na scaireanna comhfhreagracha a leithdháileadh ar a scairshealbhóirí nó ar a comhaltaí.

[...]

De réir na deighilte, is féidir an chuideachta atá á deighilt a fhoirceannadh gan dul faoi leachtú nó leanúint dá gníomhaíocht.’

[...]

19 Foráiltear le hAirteagal 2506a den Chód sin, dar teideal ‘Dréacht-téarmaí deighilte’ mar seo a leanas:

‘Déanfaidh comhlacht riaracháin na gcuideachtaí atá páirteach sa dréacht-téarmaí deighilte a tharraingt suas nach mór an fhaisnéis a shonraítear sa chéad mhír d’Airteagal 2501b a bheith ann mar aon le cur síos beacht ar na sócmhainní atá le dáileadh i measc gach ceann de na cuideachtaí is faighteoir agus ar aon chúiteamh sa chás sin.

Mura féidir leithdháileadh sócmhainne a asbhaint ó na dréacht-téarmaí, déanfar an ghné sin, i gcás ina ndáiltear sócmhainní na cuideachta ar fad atá á deighilt, arna gcionroinnt ar na cuideachtaí is faighteoir i gcomhréir le sciar na sócmhainní arna leithdháileadh ar gach ceann acu, arna mheasúnú ar mhaithe leis an gcóimheas malairte a chinneadh; mura bhfuil deighilt shócmhainní na cuideachta ach páirteach, fanann an ghné sin i sócmhainní na cuideachta atá á deighilt.

Maidir le heilimintí na ndliteanas nach féidir a leithdháileadh a asbhaint na dréacht-téarmaí, tá na cuideachtaí is faighteoir, sa chéad chás, agus an chuideachta atá á deighilt agus na cuideachtaí is faighteoir, sa dara cás, faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach. Tá dliteanas comhpháirteach agus leithleach teoranta do luach iarbhír na sócmhainní arna gcionroinnt ar gach cuideachta is faighteoir.

Ní mór a léiriú sna dréacht-téarmaí deighilte na critéir chun cionroinnt na gcuideachtaí is faighteoir a leithdháileadh. I gcás ina ndéantar foráil sna dréacht-téarmaí deighilte maidir le scairshealbha a chionroinnt ar chomhaltaí nach bhfuil comhréireach lena scairshealbhú tosaigh, ní mór dóibh foráil a dhéanamh maidir leis an gceart, do chomhaltaí nach bhformheasann an deighilt, go bhfaighfear a sealúchais ar chomaoin shonrach, i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos le haghaidh tarraingt siar, agus ní mór dóibh a léiriú cé na comhaltaí a gceanglaítear orthu iad a fháil.’

20 Foráiltear sa mhír dheireanach d’Airteagal 2506c den Chód sin, dar teideal ‘Éifeachtaí na deighilte’ an méid seo a leanas:

‘Tá gach cuideachta faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach, suas go dtí luach éifeachtach na sócmhainní a aistrítear chuici nó atá fágtha léi, i leith fhiacha na cuideachta atá á deighilt nach bhfuil comhlíonta ag an gcuideachta ar ar a cuntas a d’eascair na hoibleagáidí sin.’

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

21 An 13 Bealtaine 2003, rinne SNIA oibríocht deighilte, i gcomhréir le dlí na hIodáile, le héifeacht ón 2 Eanáir 2004, trínar aistrigh sé cuid dá shócmhainní, eadhon na scairshealbha uile a bhí aige san earnáil bithleighis, chuig cuideachta nua-ionchorpraithe, Sorin.

22 Thug an Aireacht Comhshaoil caingne le haghaidh damáistí i gcoinne SNIA as an damáiste don chomhshaol a líomhnaítear a rinne SNIA, i gcomhthéacs a ghníomhaíochtaí in earnáil na gceimiceán, a rinneadh trína fhochuideachtaí, Caffaro agus Caffaro Chimica, ag trí shuíomh thionsclaíocha atá lonnaithe, faoi seach, in Brescia (an Iodáil), Torviscosa (an Iodáil) agus Colleferro (an Iodáil).

23 Thug SNIA, a cuireadh faoi riarachán urghnách in 2010, caingean i gcoinne Sorin, in éineacht leis an Aireacht Geilleagair agus Airgeadais, an Aireacht Comhshaoil agus Uachtaránacht Chomhairle na nAirí, os comhair Tribunale di Milano (an Chúirt Dúiche, Milano, an Iodáil), ag iarraidh dearbhú go bhfuil Sorin faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach, lena n-áirítear i leith na n-údarás poiblí sin, maidir le gach fiach a eascraíonn as costais ghlantacháin agus damáiste don chomhshaol, a raibh SNIA faoi dhliteanas ina leith roimh an deighilt.

24 D'iarr na húdaráis phoiblí is cosantóir, dá réir sin, go n-ordófaí Sorin i gcomhpháirt agus go leithleach le SNIA.

25 Sa bhliain 2015, rinneadh LivaNova de Sorin.

26 An 1 Aibreán 2016, dhíbh Tribunale di Milano (an Chúirt Dúiche, Milano) do na hiarratais go léir a rinne údaráis phoiblí na gcosantóirí. Rinne na húdaráis sin achomharc i gcoinne bhreithiúnas na cúirte sin.

27 Le breithiúnas neamhchríochnaitheach an 5 Márta 2019, d'aithin Corte d'appello di Milano (an Chúirt Achomhairc, Milano, an Iodáil) gurb ann do nasc cúisíoch idir gníomhaíochtaí SNIA agus a fhochuideachtaí, ar thaobh amháin, agus truailliú na talún lena mbaineann, ar an taobh eile. Chinn sí ansin, mar úinéir na talún agus na suiteálacha comhfhreagracha, go raibh bainisteoir díreach agus máthairchuideachta na gcuideachtaí a d'oibrigh ar an talamh freagrach as dianghníomhaíocht um shaothrú comhshaoil a lean ar aghaidh, ag na trí shuíomh thionsclaíocha lena mbaineann, ar feadh beagnach céad bliain, le hiarmhairtí an-tromchúiseach ó thaobh truaillithe de. Mar is léir ó bhreithiúnas na cúirte sin, ghlac SNIA lena dhliteanas i leith na bhfíoras sin.

28 Bhí na fíorais ba chúis le dliteanas SNIA in ord croineolaíoch roimh an 13 Bealtaine 2003, an dáta a rinneadh an deighilt atá i gceist sna príomhimeachtaí. Dá bhrí sin, chuir an Corte d'appello di Milano (an Chúirt Achomhairc, Milano) LivaNova faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach, teoranta do na sócmhainní a aistríodh, i gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 2506a den Chód Sibhialta, ar an bhforas go raibh na fiacha a d'eascair as na costais leighis agus damáiste don chomhshaol mar chuid d'eilimintí de dhliteanais SNIA, a bhí ar eolas ach nárbh fhéidir a leithdháileadh a asbhaint ón dréacht-téarmaí deighilte atá i gceist.

29 D'ordaigh an Corte d'appello di Milano (an Chúirt Achomhairc, Milano) freisin go leanfaí leis na himeachtaí chun méid beacht an truaillithe ag na trí láithreán thionsclaíocha lena mbaineann, na bearta athshlánúcháin comhshaoil is gá agus méid beacht na gcostas glantacháin comhfhreagrach agus an damáiste don chomhshaol a chinneadh, trí bhíthin tuarascáil ó shaineolaithe.

30 Le breithiúnas críochnaitheach an 12 Samhain 2021, d'ordaigh an Corte d'appello di Milano (an Chúirt Achomhairc, Milano), de bhun an tríú mír d'Airteagal 2506a den Chód Sibhialta, do LivaNova, laistigh de theorainneacha na sócmhainní arna n-aistriú, costais ghlantacháin agus damáiste don chomhshaol de bharr ghníomhaíochtaí fhochuideachtaí SNIA ar na trí suíomh thionsclaíocha lena mbaineann a aisíoc, rud a chosain EUR 453587327.48 san iomlán.

31 Rinne LivaNova achomharc i gcoinne an bhreithiúnais chríochnaithigh sin os comhair an Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc, an Iodáil), arb í an chúirt a rinne an tarchur í.

32 Lena dara foras achomhairc, ar eascair an cheist a tarchuireadh chun réamhrialú as a breithniú ag an gcúirt a rinne an tarchur, mhaígh LivaNova nár chuir an Corte d'appello di Milano (an Chúirt Achomhairc, Milano) san áireamh an difríocht idir an coincheap 'eilimintí na ndliteanas,' de réir bhrí an tríú mír d'Airteagal 2506a den Chód Sibhialta, agus an coincheap 'fiacha,' de réir bhrí Airteagal 2506c den Chód Sibhialta, arb é is aidhm dó Airteagal 12(3) den Séú Treoir 82/891 a thrasuí. De réir LivaNova, ba cheart go bhfágfadh an t-idirdhealú idir na coincheapa sin nach n-áireodh an chúirt sin sa choincheap 'fiacha' ach dliteanais de chineál agus de mhéid áirithe, dáta dlite agus méid, agus ní 'forálacha' maidir le rioscaí agus 'gealltanas,' ós rud é gur 'eilimintí na ndliteanas' an dara ceann acu, ábhartha ach amháin chun Airteagal 2506a den Chód Sibhialta a chur i bhfeidhm. Chuir LivaNova in iúl freisin gur chuir an chúirt sin ina leith go mícheart damáiste a rinneadh mar gheall ar iompar, trí ghníomh nó neamhghníomh, tar éis na deighilte atá i gceist sna príomhimeachtaí, de shárú ar an teorainn ama a leagtar síos leis an reachtaíocht maidir le 'heilimintí na ndliteanas' nó na 'fiacha' a bhí ann cheana tráth na deighilte lena mbaineann.

33 Chun rialú a thabhairt ar an tsaincheist sin, mheas an chúirt a rinne an tarchur gur gá a fhíorú go bhfuil an léiriú a rinne an Corte d'appello di Milano (an Chúirt Achomhairc, Milano) ar an gcoincheap 'eilimintí na ndliteanas nach féidir a leithdháileadh a thuiscint ó na dréacht-téarmaí [deighilte]' i gcomhréir le dlí an Aontais, dá dtagraítear sa tríú mír d'Airteagal 2506a den Chód Sibhialta.

34 Dúirt an chúirt a rinne an tarchur go mbaineann an dliteanas sin leis na hiarmhairtí díobhálacha a bhaineann le 'tort buan' a d'fhéadfadh dul in olcas le himeacht ama agus a éalaíonn, mar gheall ar a nádúr féin, 'na línte teorann dochta a leanfadh toradh idirbhirt faoi dhlí na gcuideachtaí.' Luaitear ann, tar éis na deighilte atá i gceist sna príomhimeachtaí, nár tháinig méadú ar leibhéil truaillithe láithreáin thionsclaíocha Torviscosa agus Colleferro, ach gur tháinig méadú ar leibhéil truaillithe láithreán tionsclaíoch Brescia agus go bhfuil nasc cúisíoch ag an méadú sin le hiompar SNIA roimh an deighilt sin.

35 I bhfianaise an dlí náisiúnta, is é an toisc chinntitheach, sa chás seo, ná gur chinn an chúirt a rinne an breithniú ar shubstaint an cháis, an Corte d'appello di Milano (an Chúirt Achomhairc, Milano), go raibh SNIA faoi dhliteanas toisc gur tharla an teagmhas as ar eascair an damáiste don chomhshaol lena mbaineann cheana féin. D'fhágfadh sin go bhféadfaí a shuíomh go raibh fiach ann roimhe sin chun críocha dliteanas comhpháirteach agus leithleach a thabhú i leith an 'torta bhuain' chomhfhreagraigh.

36 Cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl freisin, dar léi, nach dtugtar le tuiscint leis an bhfrása ‘eilimintí na ndliteanas,’ dá dtagraítear sa tríú mír d’Airteagal 2506a den Chód Sibhialta, aon saintréithe cáilíochtúla réamhchinntithe. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh fiacha agus fiú fiacha atá neamhspleách ar na sócmhainní atá deighilte a bheith i gceist leis na gnéithe sin. Tugtar tacaíocht don léiriú sin le cuspóir an Séú Treoir 82/891, eadhon creidiúnaithe a chosaint, mar is léir ó bhreithiúnas an 30 Eanáir 2020, *I.G.I.* (C-394/18, EU:C:2020:56, míreanna 44 agus 51).

37 Measann an chúirt a rinne an tarchur, áfach, gur gá ceist a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú, ós rud é nach mór an léiriú ar an gcoincheap ‘eilimintí na ndliteanas nach féidir a leithdháileadh a thuiscint ó na dréacht-téarmaí [deighilte]’ in Airteagal 2506a den Chód Sibhialta a bheith comhoiriúnach leis an gcoincheap comhfhreagrach ‘sócmhainní éighníomhacha [nach bhfuil] leithdháilte sna dréacht-téarmaí deighilte’ dá dtagraítear in Airteagal 3(3)(b) den Séú Treoir 82/891.

38 I bhfianaise an mhéid sin, chinn an Corte suprema di cassazione (an Chúirt Uachtarach um Achomharc) cosc a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘An gcuirtear cosc le hAirteagal 3 den Séú Treoir [82/891/CEE], a bhfuil feidhm aige freisin (faoi Airteagal 22 de) maidir le deighilt trí chuideachtaí nua a fhoirmiú, a mhéid a fhoráiltear leis seo (a) “[i] gcás nach gcionroinntear dliteanas faoi na dréacht-téarmaí deighilte agus i gcás nach bhféadfar cinneadh a dhéanamh maidir lena cionroinnt le léiriú ar na téarmaí sin, beidh gach ceann de na cuideachtaí is faighteoir faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach”, agus (b) “[f]éadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go mbeidh an dliteanas i gcomhpháirt agus leithleach sin teoranta do na sócmhainní arna gcionroinnt ar gach cuideachta”, léiriú ar fhoráil an dlí náisiúnta in Airteagal 2506a, an tríú mír de Chód an Nós Imeachta Shibhialta an Iodáil, sa chiall go bhféadfar an tairbhí a choinneáil faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach, mar “eilimint na ndliteanas” nach bhfuil curtha síos ag an tionscadal, de bhreis ar dhliteanais de chineál atá bunaithe cheana féin, lena n-áirítear (i) na hiarmhairtí díobhálacha is féidir a shainaithint, a thagann chun cinn tar éis na deighilte, iompair (trí ghníomh nó neamhghníomh) a tharla roimh an deighilt, nó (ii) an t-iompar ina dhiaidh sin a d’fhorbair, de chineál neamhdhleathaigh leanúnach, as a n-eascraíonn damáiste don chomhshaol, nach féidir a éifeachtaí a fhoirceannadh go hiomlán fós tráth na deighilte?’

Dlínse na Cúirte Breithiúnais

39 Faoi Airteagal 21 den Séú Treoir 82/981, measfar deighilt trí chuideachtaí nua a fhoirmiú a bheith ina deighilt trí chuideachtaí nua a fhoirmiú i gcás ina n-aistríonn cuideachta, mar thoradh ar a díscaoileadh gan dul faoi leachtú, a sócmhainní uile chuig roinnt cuideachtaí nuabhunaithe. Mar sin féin, níor aistrigh SNIA a shócmhainní ar fad chuig roinnt cuideachtaí, ach níor aistrigh sé ach cuid dá shócmhainní chuig cuideachta nuachruthaithe, Sorin, a tháinig chun bheith ina LivaNova.

40 Dá bhrí sin, ní thagann an oibríocht deighilte atá i gceist sna príomhimeachtaí go díreach faoi raon feidhme an Séú Treoir 82/891.

41 I gcomhréir le hAirteagal 267 CFAE, tá dlínse ag an gCúirt réamhrialuithe a thabhairt maidir le léiriú na gConarthaí agus ghníomhartha institiúidí an Aontais. I gcomhthéacs an chomhair idir an Chúirt agus na cúirteanna náisiúnta, a bunaíodh le hAirteagal 267 CFAE, is faoi na cúirteanna

náisiúnta amháin atá sé measúnú a dhéanamh, i bhfianaise ghnéithe speisialta gach cáis, ar an ngá atá le réamhrialú chun a chur ar a gcumas a mbreithiúnas a thabhairt agus ábharthacht na gceisteanna a chuir siad ar an gCúirt. Dá bhrí sin, i gcás ina mbaineann na ceisteanna arna dtíolacadh ag na cúirteanna náisiúnta le léiriú ar fhoráil de dhlí an Aontais, tá sé de cheangal ar an gCúirt, i bprionsabal, rialú a thabhairt (breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *I.G.I.*, C-394/18, EU:C:2020:56, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear).

42 De bhun an chásdlí sin, tá sé léirithe ag an gCúirt go minic go bhfuil dlínse aici ar rialuithe a thabhairt ar thagairtí chun réamhrialú a bhaineann le forálacha dhlí an Aontais i gcásanna ina raibh fíorais na gcásanna atá á mbreithniú ag na cúirteanna náisiúnta lasmuigh de raon feidhme dhlí an Aontais ach i gcás ina ndearnadh na forálacha sin infheidhme leis an dlí náisiúnta mar gheall ar tharchur a rinneadh leis an dlí sin chuig ábhar na bhforálacha sin. Sna cásanna sin, cé nár tháinig na saincheisteanna sna príomhimeachtaí go díreach faoi raon feidhme dhlí an Aontais, rinneadh na forálacha infheidhme le reachtaíocht náisiúnta, a chomhlíon, chun críocha cásanna inmheánacha amháin a réiteach, na forálacha arna nglacadh le dlí an Aontais (breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *I.G.I.*, C-394/18, EU:C:2020:56, mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear).

43 Nuair a fhéachann reachtaíocht intíre, agus cásanna inmheánacha amháin á rialáil, leis na réitigh chéanna a glacadh i ndlí an Aontais a ghlacadh, mar shampla, chun idirdhealú in aghaidh náisiúnaigh eachtracha nó aon saobhadh iomaíochta a sheachaint nó chun foráil a dhéanamh maidir le nós imeachta aonair i gcásanna inchomparáide, is léir gur chun leas an Aontais é, chun cosc a chur ar dhifríochtaí sa todhchaí maidir le léiriú, gur cheart forálacha nó coincheapa a tógadh ó dhlí an Aontais a léiriú go haonfhoirmeach, gan beann ar na himthosca ina mbeidh feidhm acu. Dá bhrí sin, tá bonn cirt le léiriú ag an gCúirt ar fhorálacha dhlí an Aontais i gcásanna intíre amháin ar an bhforas go ndearnadh na forálacha sin infheidhme go díreach agus gan choinníoll leis an dlí náisiúnta, d'fhonn a áirithiú go gcaithfear le cásanna intíre ar an mbealach céanna le cásanna a rialaítear le dlí an Aontais (breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *I.G.I.*, C-394/18, EU:C:2020:56, mír 46 agus an cásdlí dá dtagraítear).

44 I gcás ina dtugann cúirt náisiúnta imeachtaí os comhair na Cúirte i gcomhthéacs staid nach dtagann go díreach faoi raon feidhme dhlí an Aontais, ní féidir léi, gan aon fhaisnéis ón gcúirt a rinne an tarchur seachas go bhfuil an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist infheidhme gan idirdhealú a dhéanamh ar chásanna a rialaítear le forálacha dhlí an Aontais atá i gceist agus ar chásanna inmheánacha amháin, a mheas go bhfuil gá leis an iarraidh ar réamhrialú maidir le forálacha dhlí an Aontais chun an díospóid atá ar feitheamh os a comhair a réiteach (breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *I.G.I.*, C-394/18, EU:C:2020:56, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).

45 Ní mór a bheith soiléir ón ordú tarchuir go ndearnadh forálacha dhlí an Aontais infheidhme go díreach agus go neamhchoinníollach leis an dlí náisiúnta, d'fhonn a áirithiú go gcaitear le cásanna intíre ar an mbealach céanna le cásanna a rialaítear le dlí an Aontais (breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *I.G.I.*, C-394/18, EU:C:2020:56, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear).

46 Chuige sin, ní mór don chúirt a rinne an tarchur a léiriú, i gcomhréir le hAirteagal 94 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte, an chaoi a bhfuil nasc idir an díospóid atá ar feitheamh os a comhair, in ainneoin gur díospóid intíre amháin í, agus forálacha dhlí an Aontais lena ndéantar an réamhrialú ar an léiriú riachtanach chun go bhféadfaidh sí breithiúnas a thabhairt sa díospóid sin. Ina theannta sin, léirítear na ceanglais sin sna moltaí ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh do

chúirteanna agus binsí náisiúnta maidir le himeachtaí réamhrialaithe a thionscnamh (IO 2019 C 380, lch. 1) (breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *I.G.I.*, C-394/18, EU:C:2020:56, mír 49 agus an cásdlí dá dtagraítear).

47 Sa chás seo, luaigh an chúirt a rinne an tarchur, nach bhfuil dlínse aici ach an dlí náisiúnta a léiriú i gcomhthéacs chóras an chomhair bhreithiúnaigh a bunaíodh le hAirteagal 267 CFAE, go ndéanann an tríú mír d'Airteagal 2506a den Chód Sibhialta, arb é a chur i bhfeidhm ábhar na díospóide sna príomhimeachtaí, Airteagal 3(3)(b) den Séú Treoir 82/891 a thrasuí sa dlí náisiúnta.

48 San ordú tarchuir, leagann an chúirt a rinne an tarchur béim freisin ar choibhéis, go bunúsach, fhoclaíocht an dá fhoráil sin.

49 Tríd an Séú Treoir 82/891 á trasuí ar an mbealach sin, chinn reachtas na hIodáile, dá bhrí sin, Airteagal 3(3)(b) den Séú Treoir a chur i bhfeidhm go díreach agus gan choinníoll freisin maidir le hidirbhearta nach leithdháileann cuideachta comhstoic ach cuid dá sócmhainní ar chuideachta eile.

50 I bhfianaise an mhéid sin go léir, ní mór dlínse a bheith ag an gCúirt rialú a thabhairt maidir le ceist arna tarchur ag an gcúirt náisiúnta.

Inghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú

51 Tá amhras ar Rialtas na hOstaire maidir le hinghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú ar an bhforas nach bhfuil na heilimintí fíorasacha agus dlíthiúla is gá don Chúirt chun freagra úsáideach a thabhairt ar an gceist a tarchuireadh soiléir ón ordú tarchuir. Níor leag an chúirt a rinne an tarchur na fíorais amach go soiléir ná níor atáirgeadh an creat dlíthiúil náisiúnta ábhartha, go háirithe Airteagal 2506a den Chód Sibhialta. Ní shonraítear ann ach oiread na cúiseanna a measann sé go bhfuil gá le léiriú ar an Séú Treoir 82/891.

52 Is ionstraim chomhair idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta é an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE, trína gcuireann an Chúirt na léirmhínithe ar dhlí an Aontais atá de dhíth ar fáil do na cúirteanna náisiúnta, chun na díospóidí atá os a gcomhair a chinneadh (breithiúnas an 27 Aibreán 2023, *Castorama Polska agus Knor*, C-628/21, EU:C:2023:342, mír 25 agus an cásdlí dá dtagraítear).

53 Mar sin féin, tá sé tábhachtach a mheabhrú, gur faoin gcúirt náisiúnta ar os a comhair a tugadh an díospóid atá sé, agus nach mór di glacadh le freagracht as an gcinneadh breithiúnach atá le déanamh, measúnú a dhéanamh, i bhfianaise imthosca áirithe an cháis, ar an ngá atá le réamhrialú le bheith in ann a breithiúnas a thabhairt agus ar ábharthacht na gceisteanna a chuireann sí ar an gCúirt. Dá bhrí sin, ós rud é go mbaineann na ceisteanna a tarchuireadh le léiriú dhlí an Aontais, tá iallach ar an gCúirt Bhreithiúnais, i bprionsabal, rialú a thabhairt. Dá bhrí sin, tá toimhde ábharthachta ann maidir le ceisteanna a bhaineann le dlí an Aontais. Ní féidir leis an gCúirt Bhreithiúnas diúltú do rialú a thabhairt ar iarraidh arna déanamh ag cúirt náisiúnta ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú arna iarraidh ar dhlí an Aontais le fíricí iarbhír nó cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, gur fadhb de chineál hipitéiseach í nó nach bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt Bhreithiúnais chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh uirthi (breithiúnas an 27 Aibreán 2023, *Castorama Polska agus Knor*, C-628/21, EU:C:2023:342, mír 26 agus an cásdlí dá dtagraítear).

54 De réir cásdlí socair, a léirítear anois in Airteagal 94(a) agus (b) de na Rialacha Nós Imeachta, de réir an ghá atá ann léiriú a thabhairt ar dhlí an Aontais a bheidh úsáideach don chúirt náisiúnta, ní mór don chúirt náisiúnta comhthéacs fíorasach agus reachtach na gceisteanna atá á gcur aici a shainiú nó, ar a laghad, míniú a thabhairt ar na himthosca fíorasacha ar a bhfuil na ceisteanna sin bunaithe. Ní mór a lua san ordú tarchuir freisin na cúiseanna beachta a thug ar an gcúirt náisiúnta léiriú dhlí an Aontais a fhiosrú agus a mheas gur gá ceist a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Aibreán 2023, *Castorama Polska agus Knor*, C-628/21, EU:C:2023:342, mír 27 agus an cásdlí dá dtagraítear).

55 Sa chás seo, murab ionann agus an méid a áitíonn Rialtas na hOstaire, tá ráiteas san iarraidh ar réamhrialú maidir le hábhar na díospóide sna príomhimeachtaí agus na fíorais ábhartha agus ábhar na bhforálacha náisiúnta ábhartha, lena n-áirítear Airteagal 2506a den Chód Sibhialta.

56 Ina theannta sin, leagtar amach san ordú tarchuir na cúiseanna beachta a thug ar an gcúirt a rinne an tarchur fiosrú a dhéanamh maidir le léiriú Airteagal 3(3)(b) den Séú Treoir 82/891 agus a mheas gur gá ceist a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú. Is léir ón gcinneadh sin go measann an chúirt a rinne an tarchur gur gá ceist a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú ar an bhforas nach mór an coincheap ‘eilimintí na ndliteanas nach féidir a leithdháileadh a asbhaint ón dréacht-téarma,’ atá sa tríú mír d’Airteagal 2506a den Chód Sibhialta agus nach mór a léiriú chun a chinneadh an féidir LivaNova a mheas mar dhliteanas comhpháirteach agus leithleach i leith na gcostas glantacháin agus an damáiste don chomhshaol arb é SNIA is cúis leo, a léiriú ar an mbealach céanna leis an gcoincheap comhfhreagrach ‘sócmhainní éighníomhacha [nach bhfuil] leithdháilte sna dréacht-téarmaí deighilte,’ dá dtagraítear in Airteagal 3(3)(b) den Séú Treoir 82/891, a thrasuitear leis an tríú mír d’Airteagal 2506a den Chód Sibhialta.

57 Dá bhrí sin, tá an tarchur chun réamhrialú inghlactha.

Breithniú ar an gceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

58 Lena ceist a tharchuirtear chun réamhrialú, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 3(3)(b) den Séú Treoir 82/891 a léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm ag dliteanas comhpháirteach agus leithleach na gcuideachtaí is faighteoir a leagtar síos san fhoráil sin ní hamháin maidir le dliteanais shainithe nach leithdháiltear i ndréacht-téarmaí deighilte, ach freisin maidir le dliteanais neamhshainithe, amhail na costais leighis agus damáiste don chomhshaol a suíodh, a measúnaíodh nó a comhdhlúthaíodh tar éis na deighilte lena mbaineann, a eascraíonn as iompar na cuideachta atá á deighilt roimh an oibríocht deighilte nó as iompar tar éis na hoibríochta sin arb é féin forbairt iompar roimhe sin na cuideachta sin atá á deighilt.

59 Is léir ón gcéad abairt d’Airteagal 3(3)(b) den Séú Treoir sin, atá infheidhme maidir le deighilt trí chuideachtaí nua a fhoirmiú de bhun Airteagal 22(1) den Séú Treoir sin, i gcás nach leithdháiltear sócmhainn éighníomhach sna dréacht-téarmaí deighilte lena mbaineann agus nach féidir na dréacht-téarmaí deighilte atá i gceist a chinneadh maidir lena leithdháileadh, go bhfuil gach ceann de na cuideachtaí is faighteoir faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach i leith na deighilte sin. Is léir ón dara habairt d’Airteagal 3(3)(b) den Séú Treoir sin go bhféadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go mbeidh an dliteanas comhpháirteach agus leithleach teoranta do na glansócmhainní arna leithdháileadh ar gach tairbhí.

60 Ní shainmhínítear leis an Séú Treoir sin an coincheap ‘dliteanas,’ dá dtagraítear sa chéad abairt d’Airteagal 3(3)(b) den Séú Treoir 82/891. Ina theannta sin, níl aon tagairt san fhoráil seo do dhlí na mBallstát maidir le sainmhíniú den sórt sin.

61 De réir cásdlí socair, ní mór léiriú neamhspleách agus aonfhoirmeach a thabhairt de ghnáth ar fud an Aontais Eorpaigh ar théarmaí forála de dhlí an Aontais nach dtagraíonn go sainráite do dhlí na mBallstát chun a brí agus a raon feidhme a chinneadh, nach mór a bhunú i gcomhréir lena ngnáthbhrí sa ghnáthchaint, agus an comhthéacs ina n-úsáidtear iad agus na cuspóirí a shaothraítear leis an reachtaíocht ar cuid di iad á gcur san áireamh (breithiúnas an 7 Meán Fómhair 2023, *KRI*, C-323/22, EU:C:2023:641, mír 46 agus an cásdlí dá dtagraítear).

62 Ar an gcéad dul síos, sa ghnáthchiall, tagraíonn an coincheap ‘dliteanas’ do na fiacha ar fad atá ag duine dlítheanach nó nádúrtha. Mar sin, tá sé beartaithe go gcumhdódh an coincheap ‘sócmhainní agus dliteanais’ sa chéad abairt d’Airteagal 3(3)(b) den Séú Treoir 82/891, sa chiall is leithne, chun aon fhiachas de chuid na cuideachta atá á deighilt a chumhdach, bíodh sé cinnte nó éiginnte, sonrach nó éiginnte, beag beann ar a tionscnamh agus ar a cineál.

63 Ar an dara dul síos, maidir le comhthéacs na chéad abairte d’Airteagal 3(3)(b) den Séú Treoir 82/891, ba cheart a thabhairt faoi deara, faoi Airteagal 3(2)(h) den Séú Treoir sin, nach mór tuairisc bheacht agus leithdháileadh beacht na sócmhainní agus na ndliteanas atá le haistriú chuig gach ceann de na cuideachtaí is faighteoir, go háirithe, a bheith sna dréacht-téarmaí deighilte.

64 Dá bhrí sin, ceanglaítear leis an gcoincheap ‘dliteanais’ de réir bhrí na chéad abairte d’Airteagal 3(3)(b) den Séú Treoir 82/891 go bhfaighfear na fiacha lena mbaineann i bprionsabal. Ós rud é nach mór tuairisc bheacht agus leithdháileadh beacht na ndliteanas atá le haistriú a shonrú sna dréacht-téarmaí deighilte, ní mór na sócmhainní sin a bheith tagtha chun cinn roimh an deighilt atá i gceist. I gcás costais ghlantacháin agus damáiste don chomhshaol, tugtar le tuiscint leis an gceanglas sin, dá bhrí sin, gur tharla an sárú nó an teagmhas as ar eascair an damáiste sin roimh an deighilt, ach ní hamhlaidh, ar an dáta sin, go ndearnadh an damáiste a shuíomh, a mheasúnú nó a chomhdhlúthú fiú.

65 Ar an tríú dul síos, maidir le cuspóirí an Séú Treoir 82/891, ní mór a mheabhrú go luaitear, i measc na gcuspóirí sin, cosaint leasanna comhaltaí agus tríú páirtithe sa chúigiú haithris sa bhrollach a ghabhann leis an Séú Treoir sin. Is léir freisin ón ochtú haithris sa bhrollach a ghabhann leis an Treoir sin go gcumhdaítear leis an Séú Treoir sin freisin cosaint creidiúnaithe agus sealbhóirí urrús eile agus go sonraítear inti nach mór na hurrúis sin a chosaint chun a áirithiú nach ndéanfar dochar dóibh le tabhairt i gcrích na deighilte atá i gceist. Ar deireadh, leanann sé ó aithris 11 sa bhrollach a ghabhann leis an Treoir sin go bhféachtar leis an Séú Treoir le deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú idir na cuideachtaí atá rannpháirteach sa deighilt sin agus idir iad agus tríú páirtithe agus idir scairshealbhóirí na gcuideachtaí sin.

66 Tá an coincheap ‘tríú páirtí’ a úsáidtear, go háirithe, sa 5ú haithris agus san 11ú haithris sa bhrollach a ghabhann leis an Séú Treoir 82/891 níos leithne ná an coincheap, a úsáidtear san 8ú haithris sa bhrollach a ghabhann leis an Séú Treoir sin, ‘creidiúnaithe, lena n-áirítear sealbhóirí bintiúr, agus daoine a bhfuil éilimh eile acu ar na cuideachtaí atá páirteach i ndeighilt’, ós rud é go bhfuil na creidiúnaithe sin agus na sealbhóirí bintiúr eile sin faoi réir bearta cosanta sonracha áirithe dá bhforáiltear, go háirithe, in Airteagail 12 agus 13 den Séú Treoir sin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 5 Márta 2015, *Modelo Continente Hipermercados*, C-343/13, EU:C:2015:146, mír 31).

67 Ní mór a mheas, dá bhrí sin, go n-áirítear ar thríú páirtithe a bhfuil a leasanna faoi chosaint ag an Séú Treoir 82/891 daoine nach bhfuil, ar dháta na deighilte lena mbaineann, le haicmiú fós mar chreidiúnaithe nó mar shealbhóirí urrús eile, ach a d'fhéadfaí, dá bhrí sin, a aicmiú tar éis na deighilte sin mar gheall ar chásanna a thagann chun cinn os a comhair, amhail sáruithe ar dhlí an chomhshaoil a dhéanamh nach gcinntear le cinneadh ach amháin tar éis na deighilte sin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 5 Márta 2015, *Modelo Continente Hipermercados*, C-343/13, EU:C:2015:146, mír 32).

68 Tugann léiriú an choincheapa 'tríú páirtí,' de réir bhrí an Séú Treoir 82/891, tacaíocht don choincheap 'dliteanais,' dá dtagraítear sa chéad abairt d'Airteagal 3(3)(b) den Treoir sin, lena gcumhdaítear freisin dliteanais de chineál éiginnte, amhail costais ghlantacháin agus damáiste don chomhshaol a suíodh, a measúnaíodh nó a comhdhlúthaíodh tar éis na deighilte lena mbaineann, ach a eascraíonn as iompar roimh an deighilt sin.

69 Mura nglacfaí le léiriú den sórt sin ar an gcoincheap 'dliteanais,' dá dtagraítear sa chéad abairt d'Airteagal 3(3)(b) den Séú Treoir 82/891, d'fhéadfadh deighilt a bheith ina modh ag gnóthas chun iarmhairtí na sáruithe a d'fhéadfadh a bheith déanta aige a sheachaint, chun aimhleasa an Bhallstáit lena mbaineann nó aon pháirtithe leasmhara eile (féach, de réir analaí, breithiúnas an 5 Márta 2015, *Modelo Continente Hipermercados*, C-343/13, EU:C:2015:146, mír 33). Chuige sin, is leor don ghnóthas sin deighilt a dhéanamh sula ndéanfar measúnú ar na costais ghlantacháin agus ar an damáiste don chomhshaol a eascraíonn as iompar roimh an deighilt sin. Is léir freisin ó na haithrisí dá dtagraítear i mír 65 den bhreithiúnas seo go bhfuil sé beartaithe go sonrach leis an Séú Treoir 82/891 cosc a chur ar ghnóthas éalú óna oibleagáidí i leith a gheallsealbhóirí, amhail a chomhaltaí, a scairshealbhóirí, a chreidiúnaithe nó tríú páirtithe lena mbaineann mar thoradh ar dheighilt cuideachta poiblí teoranta a thagann faoina rialú.

70 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin nach dtugann an léiriú sin cosaint iomarcach do thríú páirtithe chun dochair do chuideachtaí nuabhunaithe, ós rud é go gceadaítear leis an dara habairt d'Airteagal 3(3)(b) den Séú Treoir 82/891 do na Ballstáit dliteanas comhpháirteach agus leithleach na gcuideachtaí sin a theorannú do mhéid na sócmhainní a leithdháiltear orthu sna dréacht-téarmaí deighilte lena mbaineann.

71 Thairis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an léiriú sin ar an gcoincheap 'dliteanais,' dá dtagraítear sa chéad abairt d'Airteagal 3(3)(b) den Séú Treoir 82/891, comhsheasmhach le hAirteagal 11 CFAE, ós rud é go bhfuil sé beartaithe cosc a chur ar an ngnóthas, arb é bunús na gníomhaíochta truaillitheacha é, éalú óna oibleagáidí i leith a gheallsealbhóirí mar thoradh ar chuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta atá faoina rialú a roinnt.

72 Leanann sé ón méid sin roimhe seo go gcumhdaítear leis an gcoincheap 'dliteanais,' dá dtagraítear sa chéad abairt d'Airteagal 3(3)(b) den Séú Treoir 82/891, ní hamháin dliteanais de chineál sonrach ach dliteanais de chineál éiginnte freisin, amhail costais ghlantacháin agus damáiste don chomhshaol a suíodh, a measúnaíodh nó a comhdhlúthaíodh tar éis na deighilte lena mbaineann, a eascraíonn as iompar roimh an deighilt sin.

73 Ar an taobh eile, maidir le hiompar tar éis oibríocht na deighilte arb ionann é agus forbairt iompar na cuideachta atá á deighilt roimh an idirbheart sin, leanann as mír 64 den bhreithiúnas seo nach gcumhdaítear leis an gcoincheap 'dliteanais,' de réir bhrí Airteagal 3(3)(b) den Séú Treoir 82/891, ach na costais ghlantacháin agus damáiste don chomhshaol a eascraíonn as iompar na cuideachta atá á deighilt a tabhaíodh cheana féin ar dháta na deighilte sin.

74 Ní fhoráiltear leis an Séú Treoir 82/891 ach do chóras íosta cosanta do leasanna tríú páirtithe, dá dtagraítear i mír 67 den bhreithiúnas seo, i leith dliteanais a eascraíonn as iompar roimh an deighilt atá i gceist (féach, de réir analaí, breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *I.G.I.*, C-394/18, EU:C:2020:56, míreanna 67 agus 74). Ní mór, dá bhrí sin, an cheist i dtaobh an féidir iompar tar éis na deighilte sin, ach arb ionann é agus forbairt ar iompar roimhe sin ag an gcuideachta atá á deighilt, a chur go barúlach ar an gcuideachta sin, agus mar thoradh air sin go ndéanfar an oibleagáid an damáiste a rinneadh dá bhrí sin a shlánú, mar chuid dá dliteanas, a aistriú chuig na cuideachtaí is faighteoir i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos leis an Séú Treoir 82/891, a chinneadh ar bhonn an dlí náisiúnta (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Iúil 2017, *Túrkevei Tejtermelő Kft.*, C-129/16, EU:C:2017:547, mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear).

75 Is léir ón méid sin roimhe seo gurb é an freagra ar an gceist a tharchuirtear nach mór Airteagal 3(3)(b) den Séú Treoir 82/891 a léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm ag dliteanas comhpháirteach agus leithleach na gcuideachtaí is faighteoir a leagtar síos san fhoráil sin ní hamháin maidir le dliteanais shainithe nach leithdháiltear sna dréacht-téarmaí deighilte, ach freisin maidir le dliteanais neamhshainithe, amhail na costais ghlantacháin agus damáiste don chomhshaol a suíodh, a measúnaíodh nó a comhdhlúthaíodh tar éis na deighilte lena mbaineann, a mhéid a eascraíonn siad as iompar na cuideachta arna deighilt roimh oibríocht na deighilte.

Costais

76 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Mór-Dhlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 3(3)(b) den Séú Treoir 82/891/CEE ón gComhairle an 17 Nollaig 1982 bunaithe ar Airteagal 54(3)(g) den Chonradh [CEE] maidir le cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta a dheighilt,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

tá feidhm ag riail dhliteanas comhpháirteach agus leithleach na gcuideachtaí is faighteoir a leagtar síos san fhoráil sin ní hamháin maidir le gnéithe de chineál sonraithe na ndliteanas nach leithdháiltear i ndréacht-téarmaí deighilte, ach freisin maidir le gnéithe de chineál éiginnte, amhail costais ghlantacháin agus damáiste don chomhshaol a suíodh, a measúnaíodh nó a comhdhlúthaíodh tar éis na deighilte lena mbaineann, ar choinníoll gur toradh iad ar iompar na cuideachta atá á deighilt roimh oibríocht na deighilte.

Sínithe